Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13931/25

LIMITE

ENV 1003
JUR 667
INF 186
ONU 69
RELEX 1286

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0316(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus i ndáil le teachtaireachtaí ACCC/C/2015/128 a bhaineann le rochtain ar an gceartas i ndáil le cinntí maidir leis an Státchabhair, ACCC/C/2013/96 a bhaineann le Tionscadail Leasa Choitinn, ACCC/C/2014/121 a bhaineann le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ACCC/C/2010/54 a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus i ndáil le teachtaireachtaí ACCC/C/2015/128 a bhaineann le rochtain ar an gceartas i ndáil le cinntí maidir leis an Státchabhair, ACCC/C/2013/96 a bhaineann le Tionscadail Leasa Choitinn, ACCC/C/2014/121 a bhaineann le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ACCC/C/2010/54 a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Feabhra 2005, rinneadh Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil[1] ('Coinbhinsiún Aarhus') a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 15 de Choinbhinsiún Aarhus, bunaíodh an Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus ('an Coiste um Chomhlíonadh'). Tá an Coiste um Chomhlíonadh inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún sin ag na Páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus.

(3) Tá Cruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus ('Cruinniú na bPáirtithe'), le linn an ochtú seisiún dá chuid, agus an Deighleog Ardleibhéil Chomhpháirteach faoi Chruinniú na bPáirtithe, a bheidh ar siúl ón 17-20 Samhain 2025, le cinneadh VIII/8e a ghlacadh maidir leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus, lena n-áirítear torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i dtaobh theachtaireacht ACCC/C/2015/128 i ndáil le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a mhéid a bhaineann le cinntí críochnaitheacha maidir le státchabhair agus moltaí i gcinneadh VII/8f a bhaineann le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, Tionscadail Leasa Choitinn agus Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. I gcás ina nglacfaidh Cruinniú na bPáirtithe torthaí an Choiste um Chomhlíonadh mar chinntí, beidh siad ceangailteach ar na Páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus.

---

[1] IO L 124, 17.5.2005, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2005/370/oj.

[2] Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/370/oj).

[3] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).



PUBLIC

(4) A luaithe a ghlacfar é, beidh éifeacht dhlíthiúil ag cinneadh VIII/8e.Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus ('Cruinniú na bPáirtithe') maidir leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus') i ndáil le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a mhéid a bhaineann le cinntí críochnaitheacha maidir le Státchabhair, mar a thugtar aghaidh air i dteachtaireacht ACCC/C/2015/128, dréachtchinneadh VIII/8e a fhormheas chomh maith lena chur in iúl gur díol sásaimh dó an tuarascáil a chuir Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus ('an Coiste um Chomhlíonadh') isteach maidir le hiarraidh ACCC/M/2021/4 de Chruinniú na bPáirtithe a mhéid a bhaineann le comhlíonadh an Aontais.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe maidir leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus i ndáil le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFAnna), Tionscadail Leasa Choitinn agus Treoir 2010/75/AE, mar a thugtar aghaidh orthu i dteachtaireachtaí ACCC/C/2010/54, ACCC/C/2013/96 agus ACCC/C/2014/121, faoi seach, agus i gcinneadh VII/8f, dréachtchinneadh VIII/8f a fhormheas, má léirítear na pointí seo a leanas sa dréachtchinneadh sin:

(a) i ndáil le PNFAnna, aithnítear i gcinneadh VIII/8e agus sonraítear gur díol sásaimh é go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ag an Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonfar torthaí agus moltaí an Choiste um Chomhlíonadh maidir le teachtaireacht ACCC/C/2010/54 i ndáil le hAirteagal 6(4) agus Airteagal 7 den Choinbhinsiún Aarhus, agus gur chomhlíon an tAontas cuid de na torthaí sin a mhéid a bhaineann le treoracha a ghlacadh chun críocha phointe (a), mír 2 de chinneadh VII/8f; agus

(b) i ndáil le tionscadail leasa choitinn, aithnítear i gcinneadh VIII/8e na feabhsuithe a rinne an tAontas, trí bhíthin socruithe praiticiúla, chun ceanglais phointí (a) agus (b), mír 8 de chinneadh VII/8f a chomhlíonadh agus chun Airteagail 3(9) agus 6(8) agus Airteagal 7 de Choinbhinsiún Aarhus a chomhlíonadh.

PUBLIC

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, mionathruithe ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a chomhaontú le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC